# SONRAÍ POIST

**Teideal: Oifigeach Ealaíon don Óige**

**Grád: Coibhéis le hOifigeach Feidhmiúcháin na Stáitseirbhíse**

**Líne Thuairiscíochta: An tOifigeach Forbartha Ealaíon don Óige**

**Faid an Chonartha: 3 bliana**

**Láthair: Oifig Údarás na Gaeltachta i gceann de na réigiúin Ghaeltachta**

**Raon Tuarastail: €40,550-€62,912 (ag brath ar thaithí agus ar ráta reatha na stáitseirbhíse)**

## An Cuspóir atá leis an Ról:

Is ról lárnach é seo in obair Ealaín na Gaeltachta. Ag freagairt don Oifigeach Forbartha Ealaíon don Óige, beidh an tOifigeach Ealaíon don Óige freagrach as forbairt agus cur chun cinn na n-ealaíon don óige. Beidh an té a cheapfar freagrach as gnéithe de chlár Chuisle — clár forbartha sna healaíona don óige — a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt de réir spriocanna óige Straitéis Ealaín na Gaeltachta 2023-2027 agus comhaontú Ealaín na Gaeltachta leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

## Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:

- Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den chlár óige.
- Feidhmiú mar phointe teagmhála maidir leis an gclár ealaíon don óige i réimsí agus réigiúin faoi leith.
- Clár Chuisle a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Tacú le bainistíocht agus riar scéimeanna maoinithe ealaíon don óige.
- Tacú le forbairt ghairmiúil teagascóirí, ealaíontóirí agus eagraíochtaí a oibríonn leis an aos óg.
- Líonraí láidre comhpháirtíochta a thógáil le scoileanna, grúpaí óige, coistí pleanála teanga, eagraíochtaí pobail agus ealaíontóirí.

- Tionscnaimh nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht na hóige sna healaíona a mhéadú agus deiseanna forbartha ealaíon a chruthú dóibh.
- Na tionscnaimh reatha a fhorbairt go leanúnach chun a dtionchar a fhás agus a mhéadú.
- Straitéisí for-rochtana a chur i bhfeidhm chun an rannpháirtíocht is leithne a dheimhniú.

- Ceardlanna agus imeachtaí ealaíon a chomhordú agus a chinntiú go bhfuil siad ag cloí le caighdeáin ardcháilíochta agus dea-chleachtais.

- Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den bhuiséad a bhaineann leis an gclár ealaíon don óige.

- Comhoibriú le comhghleacaithe chun feachtas feasachta a chur i bhfeidhm chun an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na hóige sna healaíona a chur chun cinn.
- Ionadaíocht agus cur i láthair a dhéanamh ag imeachtaí poiblí, comhdhálacha agus fóraim náisiúnta.

- Córais aontaithe mhonatóireachta, tuairiscithe agus mheasúnaithe a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht an chláir a léiriú.

- ♦ **A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis Ealaín na Gaeltachta a chur i bhfeidhm.**
- ♦ **Aon dualgas bailí eile a a iarrann an Bainisteoir líne ort a chomhlíonadh.**
- ♦ **A bheith in ann oibriú as do stuaim féin agus oibriú go héifeachtach i gcomhar le baill foirne eile ar thograí ar leith.**

## Sonraíocht an Duine:

- Taithí agus/nó cáilíochtaí cuí sna healaíona agus/nó san obair óige
- Suim in obair leis na healaíona, leis an tseirbhís phoiblí nó leis an bhforbairt pobail
- Scileanna idirphearsanta den chéad scoth
- Scileanna láidre eagrúcháin agus riaracháin
- Iontaofa, solúbtha agus féinspreagtha
- Tá líofacht sa Ghaeilge (idir labhairt agus scríobh) riachtanach
- Taithí ar ghnáth-bhogearraí oifige (Word, Excel, Outlook & rl.)
- Toilteanach taisteal taobh istigh de na réigiúin Ghaeltachta
- Ceadúnas glan tiomána agus rochtain ar ghluaisteán

## Comhoibriú Inmheánach atá mórthábhachtach maidir leis an ról:

An tOifigeach Forbartha Ealaíon don Óige, na hÁisitheoirí Ealaíon, An tOifigeach Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí, An Riarthóir Ealaíon, an Riarthóir Eagraíochta agus an Príomhfheidhmeannach.

## Comhoibriú Seachtrach atá mórthábhachtach maidir leis an ról:

Na hOifigigh Phleanála Teanga, Ceanneagraíochtaí na Limistéar Pleanála Teanga, na hIonaid Ealaíon Gaeltachta, Foirne Mhuintearas, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta, na Scoileanna, Teagascóirí, Áisitheoirí Ealaíon agus Ealaíontóirí, Foirne Music Generation, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Éire Ildánach, Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil, Fighting Words, Údarás na Gaeltachta.